**An Roinn Oideachais agus Eolaíochta**
SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH 2002

# Ealaín, Ceardaíocht, Dearadh – *Líníocht*
Ardleibhéal

***Dé Céadaoin 8 Bealtaine, Maidin 9.30 – 12.30***

**Tá 100 marc ag dul don pháipéar seo**

## *Treoracha d'Iarrthóirí*
Is ceadmhach dath a úsáid más maith leat agus meáin oiriúnacha ar bith: - m.sh. Pinn Luaidhe, Pastail, Criáin, Pinn agus Dúigh, Péinteanna, Marcaeirí, etc. nó cnuasach ar bith díobh sin. Ní féidir bileoga líníochta thar tomhas A2 a úsáid.

Deimhnigh go dtaispeántar d'uimhir scrúdaithe go soiléir sa spás atá ann dó. Beidh sos 30 nóiméad idir deireadh cuid a haon den scrúdú agus tús cuid a dó den scrúdú.

Ceadaítear uair an chloig go leith don líníocht ar dheilbheacha daonna, na tréimhsí sosa uile le haghadih an chuspa san áireamh.

Le linn an scrúdaithe tabharfaidh an feitheoir ar ais duit an clúdach ina bhfuil do shaothar ar an tionscadal 2D. Nuair a bheidh an scrúdú thart cuir do líníochtaí i gclúdach na Roinne Oideachais agus Eolaíochta ina bhfuil, cheana féin, d'obair tionscadail agus ansin dún an clúdach.

Iarrtar ort staidéar a dhéanamh ar aicme **A** Deilbheacha Nádúrtha **NÓ** aicme **B** Deilbheacha Saorga **AGUS** staidéar amháin as aicme **C** Deilbheacha Daonna.

***Roghnaigh aon líníocht amháin as na haicmí seo a leanas A nó B.***

**A.** **DEILBHEACHA NÁDÚRTHA** 9.30 – 10.30 *an t-am a cheadaítear*

Maidir le ceann ar bith de na deilbheacha seo a leanas nó deilbheacha atá cosúil leo, déan líníocht den deilbh iomlán **AGUS** de chuid den deilbh a bhfuil spéis ar leith agat féin inti.

Torthaí, Caora, Glasraí.
Bláthanna, Plandaí, Fásra, Cipín/craobh, Fréamhacha.
Sliogáin, Cnámha, Cleití.
Adhmad raice, Feamainn, Iontaisí, Dair phortaigh.

**B.** **DEILBHEACHA SAORGA** 9.30 – 10.30 *an t-am a cheadaítear.*

Maidir le ceann ar bith de na deilbheacha seo a leanas nó deilbheacha atá cosúil leo, déan líníocht den deilbh iomlán **AGUS** de chuid den deilbh a bhfuil spéis ar leith agat féin inti.

Spéaclaí cosanta, Clogad, Scaif, Coisbheart.
Trealamh Líníochta, Peintéireachta nó Grianghrafadóireachta.
Uirlisí beaga láimhe, Páirteanna meaisín.
Uirlisí ceoil, Cluasáin, Micreafón.

***Sos ó 10.30 – 11.00 Atosú an scrúdaithe ar 11.00***

**C.** **DEILBHEACHA DAONNA** 11.00 – 12.30 *an t-am a cheadaítear.*
Déan líníocht den deilbh iomlán **NÓ** déan líníocht den chloigeann agus de na guaillí.

Tá an cuspa suite agus cos amháin ar an talamh, agus an chos eile ar bhosca íseal nó ar leabhar tiubh, agus na lámha fillte. Tá an cuspa ag breathnú díreach roimhe.